

Foirm LPT6A – Iarratas ar Laghdú an Luacha Inmhuirir do na blianta 2017 - 2021

(do mhaoine oiriúnaithe mar chóiríocht do dhaoine áirithe faoi mhíchumas)



Roimh chomhlánú na foirme iarratais seo, ba chóir duit na “Treoirínte ar Fhaoiseamh Cánach Maoine Áitiúla do Dhaoine faoi Mhíchumas / Éagumas” a léamh chun a dhearbú an gcáilíonn tú le haghaidh faoiseamh cánach. Tá na treoirínte seo ar fáil ag www.revenue.ie sa chuid CMÁ den suíomh gréasáin.

Tá laghdú ar an luach inmhuirir do na blianta ó 2017 ar aghaidh ar fáil do réadmhaoin a cháilíonn is cuma cathain a rinneadh an obair athchóirithe. Is féidir do dhliteanas CMÁ a laghdú don bhliain 2017 agus as sin amach sa chás, maidir le hobair athchóirithe a rinne tú ar do réadmhaoin, chun í a dhéanamh níos oiriúnaí do dhuine faoi mhíchumas chun cónaí ann, gur méadaíodh luach inmhuirir na maoine. Sa chás nár tharla sé seo de bharr na hoibre oiriúnaithe, níl teidlíocht agat le haghaidh faoiseamh cánach agus ní cóir duit an fhoirm seo a chomhlánú agus a chur isteach. Tá samplaí a mhíníonn conas a oibríonn siad le fáil i gcuid A in larscríbhinn na dTreoirínte.

Ainm an duine faoi dhliteanas:
(gan ach duine amháin)

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

UPSP an duine faoi dhliteanas:

--	--	--	--	--	--	--	--

Ainm an duine faoi mhíchumas:
(murab an duine faoi dhliteanas)

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

UPSP an duine faoi mhíchumas:
(murab an duine faoi dhliteanas)

--	--	--	--	--	--	--	--

Seoladh na maoine oiriúnaithe
(áirigh Eircode):

UA Maoine na maoine oiriúnaithe:

--	--	--	--	--	--	--	--

An bhfuil cónaí ag an duine faoi mhíchumas sa mhaoin oiriúnaithe mar aon nó phríomháit chónaithe?

Tá Níl

Cur síos ar an obair oiriúnaithe: (féach nóta 1)

Costas na hoibre oiriúnaithe:

€

--	--

 ,

--	--	--	--

 ,

--	--

Cathain ar thosaigh an obair oiriúnaithe?

L	L	/	M	M	/	B	B	B	B
---	---	---	---	---	---	---	---	---	---

Dáta críochnaithe na hoibre oiriúnaithe:

L	L	/	M	M	/	B	B	B	B
---	---	---	---	---	---	---	---	---	---

Luach inmhuirir na maoine oiriúnaithe ag

1 Bealtaine 2013: (féach nóta 2)

€ , ,

Luach inmhuirir inchurtha i leith na hoibre oiriúnaithe:

(féach nóta 3)

€ , ,

DEARBHÚ

Dearbhaimse go bhfuil sonraí uile ar an bhfoirm seo ceart ar feadh m'eolais agus mo thuairime.

Síniú an duine faoi dhliteanas: _____ Dáta: _____

Uimh. Ghutháin: Seoladh R-phoist:

Nótaí ar chomhlánú na foirme iarratais

Nóta 1 Má tá luach inmhuirir do réadhaoine (amhail ag 1 Bealtaine 2013) sa chéad bhanda luachála de náid go €100,000, ní bheidh aon tairbhe le baint aici as laghdú ar an dliteanas CMÁ, tharla go bhfuil luacháil déanta uirthi cheana sa bhanda is ísle is féidir.

Nóta 2 “Cur síos ar an obair oiriúnaithe”: Ba chóir go mbeadh cur síos sa chuid seo ar obair thógála / fheistithe a rinneadh ar an mhaoin chun í a dhéanamh níos oiriúnaí mar chóiríocht don duine faoi mhíchumas. Chun breis eolais a fháil, féach cuid 3.2.2 sna “Treoirínte ar Fhaoiseamh Cánach Maoine Áitiúla do Dhaoine faoi Mhíchumas / Éagumas” ag www.revenue.ie sa chuid CMÁ den suíomh gréasáin.

Nóta 3 Luach inmhuirir na maoine oiriúnaithe ag 1 Bealtaine 2013”: Seo an luach ba chóir a bheith dearbhaithe cheana féin do na Coimisinéirí Ioncaim don mhaoin maidir leis an gcéad dáta luachála don CMÁ, is é sin an 1 Bealtaine 2013. Cinntíonn an luach seo an CMÁ atá iníoctha sna blianta 2013 - 2021 cuimsitheach.

Ba cheart duit a thabhairt do d'aire, más rud é go ndéantar obair athchóirithe tar éis 1 Samhain gach bliain, ó 2016 ar aghaidh, nach mbeidh feidhm leis an bhfaoiseamh go dtí an chéad dáta dliteanais eile, is é sin 1 Samhain na bliana ina dhiaidh sin.

Nóta 4 “Luach inmhuirir inchurtha i leith obair athchóirithe”: Ní hé seo costas na hoibre athchóirithe a rinneadh ach slat tomhais ar conas a mhéadaigh an obair athchóirithe luach inmhuirir na réadmhaoine. Ba chóir duit a dhearbhu cé mhéad den luach inmhuirir ag 1 Bealtaine 2013 a dhearbhaigh tú don mhaoin is féidir a inchur i leith na hoibre oiriúnaithe. Má rinneadh an obair oiriúnaithe sular tógadh an CMÁ isteach, ba chóir duit measúnú a dhéanamh, mar a bhí ar an 1 Bealtaine 2013, an tionchar a bhí ag an obair oiriúnaithe ar an luach inmhuirir, is é sin, cén luach a bhí ar mo theach ar an 1 Bealtaine 2013? Cén luach a bheadh ann in éagmais na hoibre oiriúnaithe?

Ba chóir go mbeadh an luach inmhuirir a chuirtear i leith na hoibre oiriúnaithe dóthanach chun go méadófaí luach inmhuirir na maoine oiriúnaithe. Sa chás nár tharla sé seo de bharr na hoibre oiriúnaithe, níl teidlíocht agat don faoiseamh cánach agus ní cóir duit an fhoirm seo a chomhlánú agus a chur isteach.

Nóta 5 “Uasteorainn le laghdú ar luach inmhuirir”: Ó 2017, méid seasta €50,000 is ea an teorainn uasta ar an méid lenar féidir an luacháil fhógartha a laghdú. Ciallaíonn sé seo gurb é €90 sa bhliain an laghdú is mó is féidir a cheadú ar do dhliteanas CMÁ (bunaithe ar rátaí cánach 2014), arb é an CMÁ atá iníoctha do gach banda luachála breise.

Chun breis eolais a fháil, féach cuid 3.1.1.3 agus 3.1.1.4 agus na samplaí i gCuid A den larscríbhinn sna “Treoirínte ar Fhaoiseamh Cánach Maoine Áitiúla do Dhaoine faoi Mhíchumas / Éagumas” ag www.revenue.ie sa chuid CMÁ den suíomh gréasáin.

Is mar threoir amháin a thugtar an t-eolas sa doiciméad seo agus ní comhairle ghairmiúil í, ná comhairle dlí. Níor chóir glacadh leis go bhfuil an treoir cuimsitheach ná go dtugatar freagra críochnaitheach ann ar gach cás.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe Custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear é seo le dlí. Tá polasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim agus eolas ar do chearta cosanta sonraí le fáil ar www.revenue.ie.

Seol d'fhoirm iarratais chuig na Coimisinéirí Ioncaim, Brainse CMÁ, Bosca Poist 1, Luimneach. Má tá ceist ar bith agat, cuir glao ar an líne chabhrach CMÁ ag 01 738 3626.

Cuid le comhlánú ag Dochtúir an Duine Faoi Mhíchumas

Nádúr agus méid an mhíchumais:

Cathain ar thosaigh an riocht sláinte a bheith sontasach?

L	L	M	M	B	B	B	B
---	---	---	---	---	---	---	---

Cé chomh fada an gceapann tú a mhairfidh an riocht sláinte?

Cuir in iúl an méid a chuir an riocht sláinte isteach ar shoghluaiseacht an duine faoi mhíchumas:

Mínigh cén fáth go raibh gá leis an obair oiriúnaithe agus conas a rinneadh an mhaoin níos oiriúnaí don duine faoi mhíchumas cónaí inti:

Maidir le soghluaiseacht an duine faoi mhíchumas, cuir 'x' isteach nuair is cuí sna boscaí thíos:

- | | | | |
|---|--------------------------|----------------------------------|--------------------------|
| Soghluaiseacht phianmhar | <input type="checkbox"/> | Cumas cathaoir staighre a oibriú | <input type="checkbox"/> |
| Níl in ann siúl gan áis siúil | <input type="checkbox"/> | Úsáideoir chathaoir rothaí | <input type="checkbox"/> |
| In ann dul amuigh gan chabhair | <input type="checkbox"/> | Teoranta don leaba | <input type="checkbox"/> |
| In ann dul in airde staighre gan chabhair | <input type="checkbox"/> | | |

Sonraigh aon rud ábartha eile a chuireann easpa soghluaiseachta in iúl:

Scrúdaigh mé agus dearbháimse go bhfuil sonraí uile ar an bhfoirm seo ceart ar feadh m'eolais agus mo thuairime.

Ainm an dochtúra:
(Bloclitreacha)

Seoladh an dochtúra
(áirigh Eircode):

Stampa
Dochtúirí

Uimh. Ghutháin:

Síniú an dochtúra: _____ Dáta: _____